

Beartas maidir le nochtaí d'Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Deireadh Fómhair 2025

Réamhrá

Tá sé mar aidhm leis an doiciméad seo beartas Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus nósanna imeachta ardleibhéil maidir le nochtaí a fhaightear a leagan amach do dhaoine atá ag smaoineamh ar nochtheadh a dhéanamh. Léiríonn an beartas ceanglais an Achta um Nochtheadh Cosanta, 2014, arna leasú ag an Acht um Nochtheadh Cosanta (Leasú), 2022 (an tAcht um Nochtheadh Cosanta).

Soláthraítear leis an Acht um Nochtheadh Cosanta creat reachtúil inar féidir le hoibrithe ábhar inní a chur in iúl maidir le héagóiritheoireacht fhéideartha ar a n-aird i gcomhthéacs gníomhaíochta reatha nó gníomhaíochta san am a chuaigh thart a bhaineann leis an obair. I gcás go ngearrann a bhfostóir pionós orthu, tá oibrithe i dteideal leigheasanna nó cosaintí faoin Acht, ar choinníoll go gcreideann siad le réasún go bhfuil an fhaisnéis agus na líomhaintí atá sa nochtheadh fíor go substaintiúil.

Is duine forordaithe é an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste (ARC&C) faoin reachtaíocht i ndáil le héagóiritheoireacht líomhnaithe a bhaineann le húsáid mhíchuí cistí agus acmhainní poiblí nó le nithe a bhaineann le luach ar airgead maidir le heintitis a thagann faoi shainchúram an ARC&C. Fágann sé sin gur féidir nochtaí den chineál sin a dhéanamh don Oifig.

I gcás aon choinbhleachta idir foráil den reachtaíocht agus aon ní sa bheartas seo, beidh feidhm ag an bhforáil reachtach.

Feidhm

Féadfaidh nochtaí don Oifig teacht ó fhoinsí éagsúla. Ina measc sin tá

- Sceithirí (i.e. oibrithe¹ a dhéanann nochtaí faoi éagóiritheoireacht líomhnaithe a shainaitníonn siad le linn a gcuid oibre) — féadfar na nochtaí a dhéanamh i gcomhfhreagras neamhspreagtha leis an Oifig, nó go díreach le foireann na hOifige le linn iniúchta nó scrúdaithe. Féadfaidh an duine a dhéanann an nochtheadh é nó í féin a shainaitint nó a bheith anaithnid.
- Comhfhreagras (nó cineálacha eile cumarsáide) ó dhaoine eile, lena n-áirítear cliant de chuid comhlachtaí poiblí nó tríú páirtithe a thagann i seilbh na faisnéise iomchuí. Féadfaidh na nochtaí a bheith ó dhaoine aonair a shainaitníonn iad féin nó a d'fhéadfadh a bheith anaithnid.

¹ Ciallaíonn oibrí duine a bhfuil faisnéis faighte aige nó aici faoi éagóir ábhartha i gcomhthéacs a bhaineann leis an obair. Féach Aguisín A le haghaidh cur síos níos iomláine.

Tugtar an-aird ar gach nochtadh, is cuma cén dóigh a ndéantar iad, agus déantar gach iarracht dul i ngleic go cuí leis na saincheistanna a tharraingítear anuas.

Tá freagracht iomlán ar an ARC&C, mar an duine forordaithe, as an mbeartas um nochtadh cosanta san Oifig. Is é an Bord Iniúchóireachta a dhéanann formhaoirseacht ar a chur chun feidhme. Tá an Rúnaí Príobháideach don ARC&C ainmnithe mar an duine atá freagrach as a oibriú ó lá go lá, agus go háirithe as nochtaí a fháil.

Tá achomre ar na príomh-mhínte a bhaineann leis an reachtaíocht um nochtadh cosanta leagtha amach in Aguisín A.

Léigh an cháipéis seo go cúramach sula ndéanann tú tuairisc. Is fútsa amháin atá sé a chinntiú go gcomhlíonann tú na critéir chosanta faoin Acht. Ní mór duit na ceanglais ar fad atá leagtha amach san Acht a chomhlíonadh le gur féidir do thuairisc a bheith cáilithe mar nochtadh cosanta.

Cad is nochtadh cosanta ann?

Is éard is nochtadh cosanta ann ná nochtadh faisnéise (1) a bhfuil claonadh ann, i gcreideamh réasúnach oibrí, éagóiritheoireacht iomchuí amháin nó níos mó a thaispeáint, (2) a tháinig ar aird an oibrí i gcomhthéacs a bhaineann leis an obair, agus (3) a nochtar ar an modh a fhorordaítear san Acht um Nochtadh Cosanta.

Go ginearálta, spreagtar oibrí leis an Acht um Nochtadh Cosanta chun tuairisc faisnéise iomchuí a dhéanamh ar an gcéad dul síos, dá bhfostóir, ach níl aon oibleagáid ar oibrí déanamh amhlaidh. Is féidir le daoine tuairiscithe tuairisc a thabhairt do dhuine forordaithe nó don Choimisinéir um Nochtadh Cosanta ar an gcéad dul síos, más mian leo. Mar sin féin, chun cosaintí an Achta um Nochtadh Cosanta a fháil, tá sé tábhachtach go ndéanfaí an tuarascáil ar an modh atá leagtha amach san Acht agus go bhfuil feidhm ag na coinníollacha riachtanacha seo a leanas

- tháinig an t-eolas ar aird an oibrí i gcomhthéacs a bhain leis an obair
- tá creideamh réasúnach ag an oibrí
 - go bhféadfar éagóiritheoireacht iomchuí amháin a fheiceáil san fhaisnéis
 - go bhfuil an fhaisnéis agus aon líomhaintí fíor go substaintiúil agus
 - go dtagann an éagóiritheoireacht iomchuí faoi réim na tuairisce ar nithe a bhfuil ARC&C ina dhuine forordaithe ina leith.

Tá liosta de dhaoine forordaithe ar fáil ag <https://www.gov.ie/prescribed-persons>. Ba cheart do dhuine atá ag smaoineamh ar nochtadh a dhéanamh don ARC&C an liosta sin a cheadú lena chinntiú gurb é an ARC&C an duine forordaithe is oiriúnaí chun tuairisc a fháil maidir leis an éagóiritheoireacht iomchuí.

Mura bhfuil tú cinnte faoin duine ainmnithe ceart le tuairisciú dó agus ní cosúil go bhfuil duine ainmnithe ann don ábhar ar mian leat tuairisciú a dhéanamh air, is féidir leat tuairisc a chur faoi bhráid an Choimisinéara um Nochtadh Cosanta. Is féidir sonraí a fháil maidir le conas tuairisciú a dhéanamh chuig an gCoimisinéir ag: <https://www.opdc.ie/>.

Má theipeann ar thuairisciú chuig d'fhostóir agus/nó duine ainmnithe nó má tá foras inchosanta ann gan tuairisciú chuig d'fhostóir ná chuig duine ainmnithe araon, forálann an tAcht gur féidir leat tuairisciú a dhéanamh chuig:

- Aire Stáit ábhartha, má tá tú fostaithe ag comhlacht poiblí; nó
- Aon tríú páirtí eile.

Tá na coinníollacha maidir le tuairisciú trí na bealaí sin níos troime ná na coinníollacha a bhaineann le tuairisciú chuig d'fhostóir nó duine ainmnithe nó chuig Coimisinéir um Nochtadh Cosanta. Féadfaidh tú comhairle phroifisiúnta a lorg sula n-úsáideann tú na bealaí sin.

Cén cineál nochtadh nach gcosnaítear leis an Acht?

Ní éagóiritheoireacht iomchuí chun críocha an Achta um Nochtadh Cosanta é ábhar a bhaineann le cúiseanna gearáin idirphearsanta a dhéanann difear eisiach do dhuine tuairiscithe, amhail cúiseanna gearáin maidir le coinbhleachtaí idirphearsanta lena bhfuil baint ag an duine tuairiscithe agus oibrí eile. Ba chóir gearáin dá leithéid a chur in iúl do d'fhostóir i gcomhréir lena bpolasaí ar an gcineál sin ábhar.

Ní éagóir ábhartha í má theipeann ort cloí le hoibleagáid dhlíthiúil a bhaineann le do chonradh fostaíochta amháin nó le haon chonradh eile ina nglacann tú ort féin obair nó seirbhísí a dhéanamh nó a chur i gcrích go pearsanta. Ba chóir ábhair dá leithéid a chur in iúl do d'fhostóir i gcomhréir lena bpolasaí sa réimse sin.

Ina theannta sin, foráiltear leis an reachtaíocht nach éagóiritheoireacht iomchuí é ní (agus nach dtagann sé faoi théarmaí an Achta agus nach ngabhann cosaintí agus sásamh an Achta leis) más é feidhm an oibrí nó fhostóir an oibrí an ní a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh agus mura gníomh nó neamhghníomh ar thaobh an fhostóra é nó mura mbaineann gníomh nó neamhghníomh ar thaobh an fhostóra leis.

Cainéal tuairiscithe seachtrach agus nósanna imeachta tuairiscithe seachtracha na hOifige

De réir na reachtaíochta, bhunaigh an Oifig cainéal tuairiscithe seachtrach foirmiúil agus nósanna imeachta tuairiscithe seachtracha foirmiúla chun nochtadh a dhéanamh.

Tá freagracht as oibriú an chainéil sannta do Rúnaí Príobháideach an ARC&C. Tá an Rúnaí Príobháideach freagrach as faisnéis a sholáthar don phobal ar conas is féidir le duine tuairisc a thabhairt don ARC&C, tuairiscí a dhéantar tríd an mbealach tuairiscithe seachtrach a fháil agus obair leantach a dhéanamh orthu agus cumarsáid a choinneáil ar bun leis an duine tuairiscithe chun críocha aiseolas a sholáthar agus, nuair is gá, tuilleadh faisnéise a iarraidh ón duine tuairiscithe. Cuirtear oiliúint shonrach rialta ar fáil don Rúnaí Príobháideach chun tuairiscí a láimhseáil.

Is féidir tuarascáil nochtta a dhéanamh i scríbhinn (trí ríomhphost nó litir) nó ó bhéal. Is féidir nochtadh ó bhéal a dhéanamh ar an teileafón, ag cruinniú ar líne, nó ag cruinniú pearsanta is féidir a shocrú leis an Rúnaí Príobháideach laistigh de thréimhse réasúnach, má iarrtar sin. Tabhair an méid seo a leanas faoi deara

- D'fhéadfaimis roinnt faisnéise a lorg roimh chruinniú ar líne nó go pearsanta, e.g., ainm an chomhlachta lena mbaineann; cineál na héagóiritheoireachta líomhnaithe (féach Aguisín A); faisnéis eile lena chinntiú go bhfuil an ní atá á thuairisciú ábhartha do shainchúram an ARC&C.
- Féadfar cruinnithe ar líne a thaifeadadh le toiliú an duine tuairiscithe.
- Maidir le cruinniú pearsanta, comhaontófar an suíomh a úsáidfear chun príobháideacht a chinntiú agus chun céannacht an duine tuairiscithe a chosaint. Beidh ball foirne údaráithe eile in éineacht leis an Rúnaí Príobháideach le linn cruinnithe den sórt sin.

Ag brath ar chineál agus ar chastacht na n-ábhar imní a tharraingítear anuas, féadfar cuid den fhaisnéis nó an fhaisnéis go léir sa nochtadh a chur ar aghaidh chuig bainisteoir sinsearach a bhfuil eolas ábhartha aige nó aici agus/nó a bhfuil freagrachtaí ábhartha air nó uirthi (e.g., bainisteoir iniúchóireachta sinsearach) le haghaidh measúnú agus/nó gníomh leantach.

Tá an cainéal agus na nósanna imeachta tuairiscithe seachtracha neamhspleách agus uathrialach. Tá siad ceaptha agus bunaithe chun a chinntiú go gcoimeádtar ábhar aon nochtta agus aon ábhar a eascraíonn as gníomh leantach slán agus faoi rún agus níl siad ar fáil ach don ARC&C, don Rúnaí Príobháideach, agus d'aon bhall foirne eile atá údaráithe go sonrach. Déanfar taifid ar na hábhair a fhaightear, ar na comhráite teileafóin agus ar na teachtaireachtaí gutha a fhágann an duine tuairiscithe, agus ar na cruinnithe ar líne agus go pearsanta leis an

duine tuairiscithe a thionóltar i bhfoirm mharthanach agus in-aisghafa i gcomhréir leis an reachtaíocht.

I gcás go bhfaigheann an Oifig tuairisc trí chainéil agus nósanna imeachta seachas an gnáthchainéal seachtrach atá bunaithe san Oifig, cuirfear an tuarascáil ar aghaidh go pras agus gan modhnú chuig an Rúnaí Príobháideach, agus coinneofar faoi rún aon fhaisnéis a d'fhéadfadh an duine tuairiscithe nó duine a ainmnítear sa tuarascáil ('duine lena mbaineann') a shainaithint.

Nochtadh a dhéanamh don Oifig

Chun nochtadh a dhéanamh d'Oifig an ARC&C, déan teagmháil leis an Rúnaí Príobháideach ar na bealaí seo:

glao a chur ar:	(01) 863 8679
nó scríobh chuig:	An Rúnaí Príobháideach Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste 3A Sráid an Mhéara Uachtarach Baile Átha Cliath 1 D01 PF72
nó ríomhphost a sheoladh chuig:	disclosure@audit.gov.ie

I gcás go bhfágfaidh an duine tuairiscithe teachtaireacht ghlórphoist, déanfar í a thaifeadadh.

Nuair is féidir, ba cheart an méid seo a leanas a bheith i nochtadh

- gur nochtadh cosanta í an tuairisc agus go bhfuil sí á déanamh faoi na nósanna imeachta atá leagtha amach sa pholasaí seo
- ainm an duine (nó daoine) a bhfuil an nochtadh á dhéanamh aige/aici (nó acu), a sonraí teagmhála agus a ról san eagraíocht
- ainm na heagraíochta/na heagraíochta earnála poiblí a bhí i gceist
- an gaol idir an duine tuairiscithe agus an eagraíocht/na heagraíochtaí a bhí i gceist
- ainm(neacha) an duine/na ndaoine a líomhnaítear a rinne éagóiritheoireacht (e.g., an duine/na daoine lena mbaineann)
- dáta na héagóiritheoireachta líomhnaithe (más eol) nó an dáta a cuireadh tús leis an éagóiritheoireacht líomhnaithe nó gur sainaithníodh í
- cé acu atá nó nach bhfuil an éagóiritheoireacht líomhnaithe fós ar siúl
- an bhfuil an éagóiritheoireacht líomhnaithe nochta cheana féin agus má tá, cé dó a nochtadh í, cathain a nochtadh í, agus cén gníomh a rinneadh

- faisnéis maidir leis an éagóiritheoireacht líomhnaithe (cad atá ag tarlú/cad a tharla agus conas a tharla sé) agus aon fhaisnéis/doiciméid tacaíochta
- aon fhianaise atá le fáil agus a chabhródh leis an Oifig cinneadh measúnachta a dhéanamh
- aon fhaisnéis iomchuí eile.

Céimeanna sna nochtaí a fhaightear a bhainistiú

Admháil

I gcás go gcuirtear céannacht agus sonraí teagmhála an duine tuairiscithe in iúl dúinn, admhóimid i scríbhinn laistigh de sheacht lá féilire tar éis í a fháil go bhfuarthas an tuairisc nochta. Tá dhá eisceacht leis seo

- i gcás gur iarr an duine tuairiscithe a mhalairt nó
- i gcás go gcreidimid le réasún go gcuirfí cosaint chéannacht an duine tuairiscithe i mbaol dá n-admhófaí go bhfuarthas í.

Soláthrófar inár n-admháil tuilleadh faisnéise faoi phróiseas nochta na hOifige a mbeidh feidhm aige maidir le láimhseáil na tuairisce.

Measúnú tosaigh

Déanfaidh an Rúnaí Príobháideach agus/nó ball sinsearach den fhoireann iniúchta iomchuí measúnú tosaigh ar an nochtadh. Féachfar sa mheasúnú tosaigh sin lena fháil amach

- an bhfuil nó nach bhfuil fianaise prima facie ann go bhféadfadh gur tharla éagóiritheoireacht iomchuí agus ar cheart nó nár cheart déileáil léi mar nochtadh cosanta, ag féachaint d'fhorálacha an Achta
- cé acu a thagann nó nach dtagann an tuarascáil faoi scóip na nithe a bhfuil freagracht ar an ARC&C mar dhuine forordaithe ina leith.

Seo a leanas roinnt nithe breise a chuireann an Oifig san áireamh agus cinneadh á dhéanamh aici faoin gníomhú iomchuí mar fhreagra ar nochtadh a fuarthas

- cé acu a bhaineann nó nach mbaineann an ní a nochtar le sainchúram dlíthiúil an ARC&C
- a mhéid is féidir faisnéis i nochtadh a mheas a bheith iontaofa agus an féidir comhthacú léi ó fhoinsí eile
- ábharthacht, nó tábhacht airgeadais, an ní a nochtar

- cé acu is leor nó nach leor an fhaisnéis a nochtar chun a chur in iúl gur tharla éagóiritheoireacht thromchúiseach nó go bhfuil saincheistanna móra imní ann
- infhaighteacht acmhainní agus tosaíochtaí oibre a thagann salach ar a chéile.

Mar chuid den mheasúnú tosaigh, d'fhéadfadh go soiléireofaí faisnéis a tuairiscíodh nó go lorgófaí tuilleadh faisnéise a lorg ón duine tuairiscithe.

Má léirítear sa mheasúnú tosaigh go mbaineann tuairisc iomlán nó cuid di le nithe nach bhfuil laistigh de raon feidhme na nithe a bhfuil an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste forordaithe ina leith faoin Acht, déanfar an tuairisc – go hiomlán nó go páirteach, de réir mar is cuí – a tharchur chuig cibé duine forordaithe² nó daoine forordaithe eile a mheastar a bheith cuí³. I gcás nach meastar duine forordaithe eile dá leithéid a bheith cuí, tarchuirfear an tuairisc chuig an gCoimisinéir um Nochtadh Cosanta⁴. Tabharfar fógra i scríbhinn don duine tuairiscithe, a luaithe is indéanta, faoin gcinneadh agus faoi na cúiseanna atá leis. Úsáidfídh an Oifig córais shlána aistrithe comhad chun an tuairisc a tharchur chun a slándáil agus a rúndacht a áirithiú.

I gcás go mbaineann tuairisc ar nochtadh le sárú ar dhlí an Aontais, mar a fhoráiltear san Acht um Nochtadh Cosanta, seolfaidh an ARC&C an fhaisnéis chuig na comhlachtaí AE iomchuí a luaithe is indéanta, nuair a fhoráiltear dó sin faoi dhlí an Aontais Eorpaigh nó faoi dhlí na hÉireann.

Más é tátal an mheasúnaithe tosaigh nach bhfuil aon fhianaise prima facie ann go bhféadfadh go ndearnadh éagóiritheoireacht iomchuí, dúnfar an ní.

Más é tátal an mheasúnaithe tosaigh go bhféadfadh éagóiritheoireacht iomchuí a bheith ann ach gur léir gur éagóiritheacht bheag í agus nach bhfuil gá le gníomh leantach ina leith, dúnfar an ní.

Má léirítear sa mheasúnú tosaigh nach bhfuil aon fhaisnéis fhiúntach nua sa tuairisc ar éagóiritheoireacht iomchuí i gcomparáid le tuairisc roimhe sin inar tugadh na nósanna imeachta i gcrích, ach amháin má thugann imthosca dlíthiúla nó fórasacha nua údar maith le gníomh leantach eile, dúnfar an ní.

² Is éard is duine forordaithe iomchuí ann ná duine a ainmníonn an tAire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin chun nochtáí cosanta a fháil maidir le nithe a thagann faoi shainchúram an duine nó an chomhlachta poiblí sin agus maidir leo sin amháin.

³ I gcásanna ina bhfuair an Coimisinéir um Nochtadh Cosanta an tuairisc tosaigh agus gur tarchuireadh í chuig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste toisc go bhfuil nithe áirithe, ach ní gach ní, sa nochtadh faoi raon feidhme an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, ní cheadaítear leis an reachtaíocht go ndéanfaidh an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste na nithe iarmharacha a tharchur ar aghaidh.

⁴ Féadfaidh an Coimisinéir um Nochtadh Cosanta nochtáí cosanta a fháil agus a tharchur chuig an údarás is oiriúnaí agus gníomhaíonn sé go héifeachtach mar fhaighteoir rogha deiridh maidir le tuairiscí áirithe. Ní ach mar rogha dheiridh a dhéanfaidh an Coimisinéir gníomh leantach de bhun tuairisce.

Cuirfidh an duine ainmnithe an duine tuairiscithe ar an eolas, a luaithe is indéanta, má thagann aon cheann de na torthaí sin chun cinn agus faoin gcúis atá leis an gcinneadh.

Gníomhartha leantacha

Ní thugtar leis an Acht um Nochtadh Cosanta aon chumhachtaí breise gnímh leantaigh nó scrúdaithe don ARC&C. Mar sin, ní mór don ARC&C brath ar na cumhachtaí a thugtar dó faoin reachtaíocht chun obair leantach a dhéanamh de bhun aon nochtaí.

Tá feidhmeanna an ARC&C leagtha amach go príomha in Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 (Acht 1993). Go ginearálta, ceanglaítear ar an ARC&C iniúchtaí a dhéanamh ar ráitis airgeadais bhliantúla agus féadfaidh sé, dá rogha féin amháin, scrúduithe 'luach ar airgead' a dhéanamh ar chomhlachtaí eanála poiblí atá faoina shainchúram, agus torthaí na hoibre sin a thuairisciú do Dháil Éireann. Féadfaidh sé freisin iniúchadh a dhéanamh ar thaifid chuntasaíochta na gcomhlachtaí a fhaigheann an chuid is mó dá maoiniú ón státchiste.

Ní fhéadfaidh an ARC&C gníomh leantach a dhéanamh ar nochtaí a fhaightear ach amháin i gcomhthéacs na gcumhachtaí sin. Fágann sé sin

- go bhfuil cosc ar an ARC&C trácht a dhéanamh ar nithe beartais nó fiosrúchán a dhéanamh orthu
- nach bhfuil aon sainchúram ar an ARC&C líomhaintí éillithe nó éagóiritheoireachta coiriúla eile a leanúint, ach go bhféadfaidh sé nithe den sórt sin a tharchur chuig comhlacht iomchuí eile
- nach bhfuil aon ról ag an ARC&C i ndíospóidí idir comhlachtaí iniúchta agus cliant, soláthraithe nó fostaithe (nó iarfhostaithe) a réiteach
- nach bhfuil aon ról ag an ARC&C maidir le gearáin aonair a réiteach ná treoir a thabhairt do chomhlachtaí sásamh a sholáthar.

I mórán cásanna, breithneofar nochtaí substainteacha a fhaightear faoi nithe a thagann faoi shainchúram an ARC&C mar chuid de phleanáil an chéad iniúchta eile ina dhiaidh sin ar ráitis airgeadais an chomhlachta phoiblí (nó na gcomhlachtaí poiblí) lena mbaineann. Go ginearálta, díreofar sa bhreithniú ar aon sárúithe ar rialú airgeadais a d'fhéadfadh a bheith tarlaithe, atá ag tarlú nó a d'fhéadfadh tarlú amach anseo a shainaithint; nó ar aon fhianaise gur úsáideadh airgead poiblí go míchuí nó go neamhéifeachtúil go pointe ábhartha a shainaithint.

Is féidir gníomh leantach a dhéanamh de bhun ábhair imní faoi theipeanna córasacha luach ar airgead trí scrúdú luach ar airgead a dhéantar faoi alt 9 d'Acht 1993. Déantar measúnú

tréimhsiúil ar shaincheisteanna luach ar airgead a shainaithnítear ó nochtadh a fhaightear mar aon le saincheisteanna luach ar airgead a shainaithnítear ar bhealaí eile e.g., ag eascairt as iniúchtaí bliantúla, ó ghnáthshuirbhéanna earnála, agus ó ábhair imní ón gCoiste um Chuntais Phoiblí, ó na meáin nó ón bpobal. Cuireann an ARC&C saincheisteanna atá le scrúdú, más gá agus más cuí, in ord tosaíochta, ag féachaint do na hacmhainní scrúdaithe atá ar fáil.

Nuair a bheidh cinneadh déanta ag an Oifig ar an ngníomh cuí atá le déanamh maidir le nochtadh, cuirfear an cinneadh a ghlactar in iúl don duine tuairiscithe.

Aiseolas

Ní fhéadfaidh an ARC&C (agus a chuid oifigeach) taifid nó faisnéis eile a iarraidh ar chomhlachtaí iniúchta ach amháin chun críocha iniúchta, scrúdaithe nó cigireachta, agus le haghaidh aon tuairiscithe phoiblí ina dhiaidh sin chuig Dáil Éireann agus/nó chuig an gCoiste um Chuntais Phoiblí. Ní fhéadfar faisnéis a bhailítear chun na gcríoch sin a sholáthar do dhaoine tuairiscithe.

Cuirfear aiseolas ar fáil don duine tuairiscithe a mhéid is féidir i gcomhréir le sainchúram tuairiscithe reachtaigh an ARC&C. Nuair is féidir, míneofar san aiseolas an gníomh a rinneadh nó a bheartaítear mar ghníomh leantach agus an chúis atá leis an ngníomh leantach sin.

Soláthróidh an Oifig aiseolas laistigh de thrí mhí ó dháta admhála na tuairisce, nó laistigh de shé mhí i gcás go bhfuil údar maith leis mar gheall ar chastacht ar leith na tuairisce. Cuirfimid an duine tuairiscithe ar an eolas, a luaithe is indéanta, i gcás go bhfuil cinneadh déanta an fráma ama a shíneadh ó thrí go sé mhí.

I gcás go bhfuil tuairisc seolta chuig an ARC&C ag an gCoimisinéir um Nochtadh Cosanta nó ag duine forordaithe eile, cuirfear tús leis an bhfráma ama trí mhí nó sé mhí ón dáta a rinneadh an chéad tuarascáil, ní ón dáta tarchurtha.

Cuirfear aiseolas breise ar fáil ag eatraimh ráithiúla go dtí go mbeidh deireadh leis an nós imeachta a bhaineann leis an tuarascáil, má iarrann an duine tuairiscithe é i scríbhinn.

Is gnách go mbíonn gníomh leantach de bhun nochtadh ceangailte leis an ngnáth-thimthriall iniúchta airgeadais bliantúil. Ag brath ar an uair a fhaightear nochtadh, fágann sé sin in amanna nach bhféadfar aon ghníomh díreach a dhéanamh go ceann tréimhse idir naoi mí agus 12 mhí. Toradh atá air sin in amanna is ea tuairiscí aiseolais ina dtugtar dul chun cinn teoranta i roinnt tréimhsí tuairiscithe le fios.

Cuirtear aon aiseolas a chuirimid ar fáil, ar fáil faoi rún agus ní ceart é a nochtadh le haon duine seachas:

- mar chuid den phróiseas chun comhairle dhlí a lorg maidir le do thuairisc ó atur nae nó

abhcóide nó oifigeach ceardchumainn; nó

- má tá sé ag teastáil chun tuairisc bhreise a dhéanamh tríd an mbealach tuairiscithe seo nó ceann eile a bhforáiltear dó faoin Acht.

An toradh deiridh a chur in iúl

Sonraítear sa reachtaíocht na bealaí ina bhféadfaidh an ARC&C tuairisciú. Mar shampla, tuairiscíonn sé go poiblí do Dháil Éireann ar nithe suntasacha a eascraíonn as a iniúchtaí ar chuntais leithreasa ranna agus oifigí rialtais, ar nithe ginearálta a eascraíonn as roinnt iniúchtaí, agus ar scrúduithe ‘luach ar airgead’ a dhéantar. D’fhéadfadh go n-áireofaí leis an tuairisciú sin aird an phobail a thabhairt ar aon chinntí suntasacha i ndáil le heasnaimh i rialuithe airgeadais, caiteachas neamhrialta, caillteanais arna dtabhú, etc.

I gcás go dtagann tuarascáil phoiblí ón ARC&C go díreach as nochtadh a fhaightear, cuirfear an duine tuairiscithe ar an eolas faoin bhfoilseachán, agus cuirfear cóip den tuarascáil phoiblí ar fáil dó. Seachas sin, ní fhéadfaidh an Oifig iad siúd a rinne nochtadh a chur ar an eolas go díreach faoi thorthaí chaidreamh na hOifige leis an gcomhlacht earnála poiblí iomchuí. Admhaíonn an Oifig go bhféadfadh sé sin a bheith ina ábhar míshásaimh.

Nochtadh gan ainm

D’fhéadfadh gur mhian le duine a dhéanann nochtadh fanacht anaithnid. Is éard is nochtadh gan ainm ann nochtadh ina gcoinníonn an duine tuairiscithe a chéannacht nó a céannacht siar.

Glacann an Oifig le nochtaí gan ainm agus déanfaidh sí obair leantach ina leith. D’fhéadfaimis, áfach, a bheith srianta ó thaobh ár gcumais roinnt gnéithe den bheartas seo a chur i bhfeidhm, mar shampla gníomh leantach a dhéanamh de bhun ní nó an duine tuairiscithe a choinneáil ar an eolas, in éagmais eolas ar chéannacht an duine tuairiscithe. I gcás go bhfuil dóthain faisnéise sa tuarascáil gan ainm chun measúnú tosaigh a dhéanamh go bhfuil fianaise prima facie ann gur tharla éagóiritheoireacht iomchuí nó más féidir cumarsáid a dhéanamh leis an duine tuairiscithe (e.g., trí chuntas ríomhphoist gan ainm), déanfar gníomh leantach a mhéid is féidir ón bhfaisnéis a chuirtear ar fáil.

Ba cheart don duine tuairiscithe a bheith ar an eolas freisin nach féidir cosaint a fháil faoin reachtaíocht um nochtadh cosanta mura saináithníonn an duine tuairiscithe é nó í féin mar chuid den phróiseas sin.

Céannacht na ndaoine a dhéanann nochtadh a chosaint

Cosnófar céannacht aon duine a dhéanfaidh nochtadh don Oifig de réir na reachtaíochta. Tá

cosc ar an Rúnaí Príobháideach agus ar aon bhall foirne eile a fhaigheann tuairisc nochtta nó a gcomhroinntear tuairisc leis nó léi (chun ligean dó nó di a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh maidir leis an tuairisc) céannacht an duine tuairiscithe a nochtadh d'aon duine eile (nó aon fhaisnéis a d'fhéadfadh céannacht an duine tuairiscithe a nochtadh) gan toiliú sainráite an duine tuairiscithe, seachas go díreach faoi na forálacha a cheadaítear sa reachtaíocht um nochtadh cosanta.

Ní chuirtear cosc leis an reachtaíocht ar an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste nó ar an Rúnaí Príobháideach ó chéannacht an duine tuairiscithe a nochtadh má mheasann sé/sí go réasúnach go bhfuil gá leis chun críocha an tuairisc a fháil nó a tharchur nó chun gníomh leantach a dhéanamh ina leith, e.g., do bhall den fhoireann iniúchóireachta a bhfuil baint aici le gníomh leantach a dhéanamh de bhun na tuairisce nó do bhall foirne eile a bhféadfadh an saineolas teicniúil is gá a bheith aige nó aici chun cabhrú leis an ngníomh leantach. Tá cosc ar na daoine sin, áfach, aitheantas an duine tuairiscithe a nochtadh.

D'ainneoin an mhéid thuas, cinnteoidh an Rúnaí Príobháideach i gcónaí nach gcomhroinnfear céannacht an duine tuairiscithe ach amháin ar bhonn 'riachtanais' agus i gcás go bhfuil sé riachtanach i dtaca le tuairisc agus sa chás sin amháin.

Is é beartas na hOifige toiliú feasach a lorg ón duine tuairiscithe i gcás go bhfuil gníomh le déanamh tar éis nochtadh cosanta, mar shampla nuair atá an ní le tarchur chuig comhlacht cuí eile nó na hábhair imní sa tuairisc a tarraingíodh anuas le fostóir an duine tuairiscithe. In imthosca áirithe, áfach, d'fhéadfadh sé a bheith riachtanach an ní a tharchur chuig comhlacht cuí eile fiú mura bhfuil toiliú le fáil, e.g., i gcás gur chun leas an phobail é sin a dhéanamh, nó i gcás go gceanglaítear dlí é.

Cuirfear an duine tuairiscithe ar an eolas maidir le haon chinneadh a bhaineann le nochtadh a chéannachta nó a céannachta do chomhlachtaí eile lasmuigh den Oifig roimh an nochtadh, agus na cúiseanna leis an nochtadh, ach amháin má mheastar go gcuirfeadh fógra den sórt sin an méid seo a leanas i mbaol

- gníomh leantach éifeachtach de bhun na héagóiritheoireachta,
- riosca tromchúiseach do shlándáil an Stáit, do shláinte an phobail, do shábháilteacht an phobail nó don chomhshaol a chosc, nó
- coireacht a chosc nó cion coiriúil a ionchúiseamh.

Dá réir sin, **ní féidir dearbhú iomlán rúndachta a thabhairt.**

Má tá aon amhras ort nach bhfuil d'aitheantas á chosaint is féidir leat gearán a dhéanamh chuig an Rúnaí Príobháideach a dhéanfaidh imscrúdú ar fhógraí den sórt sin agus a ghlacfaidh

céimeanna cuí nuair is gá.

Athbhreithniú ar chinneadh maidir le céannacht a nochtadh

Féadfaidh duine tuairiscithe athbhreithniú a iarraidh ar aon chinneadh chun a chéannacht nó a céannacht a nochtadh (ach amháin i gcás go meastar é sin a bheith le leas an phobail, go gceanglaítear le dlí é nó gur oibleagáid riachtanach agus chomhréireach é a fhorchuirtear le dlí an Aontais Eorpaigh nó le reachtaíocht na hÉireann i gcomhthéacs imscrúduithe nó imeachtaí breithiúnacha).

Ba cheart iarraidh ar athbhreithniú a chur faoi bhráid an Rúnaí agus an Stiúrthóra Iníúchóireachta laistigh de dheich lá ó eisiúint na litreach fógartha cinnidh. Ba cheart a leagan amach san iarraidh ar athbhreithniú an chúis/na cúiseanna a bhfuil athbhreithniú á lorg. Déanfaidh duine atá níos sinsearaí ná an duine a rinne an cinneadh bunaidh an t-athbhreithniú agus tabharfaidh sé nó sí aghaidh ar na saincheistanna sonracha a bhfuil an t-iaratasóir den tuairim nach ndearnadh dóthain breithnithe orthu. Beidh toradh an athbhreithnithe críochnaitheach.

Ceartha daoine a shainaitheann i nochtadh ('duine lena mbaineann')

Cosnóidh an Oifig céannacht aon duine dá dtagraítear i dtuairisc nochtadh don Oifig mar dhuine a gcuirtear éagóiritheoireacht ina leith nó a bhfuil baint ag éagóiritheoireacht leis nó léi (ar a dtugtar 'duine lena mbaineann'), i gcomhréir leis an reachtaíocht um nochtadh cosanta, ach amháin má tá gá leis an gcéannacht a nochtadh chun críocha an Achta nó má údaraítear é leis an dlí nó má cheanglaítear é leis an dlí ar shlí eile.

Má tá sé beartaithe ag an Oifig líomhaintí a chur ar áireamh nó tuairimí díobhálacha a thabhairt maidir le duine atá ainmnithe nó inaitheanta i dtuarascáil, cuirfidh an Oifig ar fáil don duine sin dréacht den tuarascáil nó den chuid sin den tuarascáil ina mbeidh na líomhaintí nó na barúlacha díobhálacha a bhaineann leis an duine sin, nó achoimre ar na líomhaintí nó na tuairimí díobhálacha. Déanfar é sin in am trátha roimh fhoilsiú na tuarascála chun deis chothrom a thabhairt don duine lena mbaineann freagra a thabhairt ar na líomhaintí nó na barúlacha díobhálacha a bhaineann leo agus/nó iad a chonspóid.

Urramófar na ceartha faoi na Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) agus faoin Acht um Chosaint Sonraí, 2018, atá ag aon duine a shainaitheann i nochtadh. Féadfar feidhmiú an chirt chun faisnéise agus rochtana a shrianadh nó a chur siar i gcás go measann an Oifig go bhfuil an baol ann go ndéanfaidh feidhmiú den sórt sin dochar dá scrúdú ar an ní. (Féach an rannán maidir le cosaint sonraí thíos).

Cosaint sonraí

Déanfar aon phróiseáil ar shonraí pearsanta de bhun an Achta um Nochtadh Cosanta, lena n-áirítear malartú nó tarchur sonraí pearsanta, de réir RGCS agus de réir na reachtaíochta um chosaint sonraí.

I gcomhréir le prionsabail ghinearálta um chosaint sonraí, ní bhaileofar aon sonraí pearsanta is léir nach bhfuil ábhartha maidir le láimhseáil tuairisce ar leith nó, má bhailítear iad de thaisme, scriosfar iad gan moill mhíchuí.

Glacfaidh an Oifig bearta slándála teicniúla agus eagraíochtúla leordhóthanacha chun slándáil agus rúndacht aon fhaisnéise a fhaightear i nochtadh a choimeád, chun faisnéis den sórt sin a chosaint ar scriosadh nó ar chaillteanas a dhéantar de thaisme nó go neamhdhleathach nó ar rochtain neamhúdaraithé ar an bhfaisnéis nó ar nochtadh na faisnéise. Beidh feidhm ag na bearta slándála sin freisin maidir le haon tuairiscí nó ábhar eile a ghintear mar thoradh ar fhiosruithe atá á ndéanamh ar na nithe atá in aon nochtadh a fhaightear.

Mar chuid de na bearta sin, beidh rochtain ar an bhfaisnéis atá in aon nochtadh a fhaightear ó sceithire teoranta don fhoireann laistigh den Oifig atá freagrach as na nithe atá sa nochtadh a bhainistiú agus dóibh siúd a bhfuil sé de chúram orthu go sainráite fiosrú a dhéanamh orthu.

In imthosca áirithe, féadfar srian a chur le cearta na n-ábhar sonraí faoin dlí um chosaint sonraí maidir leis na sonraí pearsanta dá gcuid a phróiseáiltear chun críocha an Achta um Nochtadh Cosanta.

Beidh feidhm ag na srianta, a mhéid is gá agus chomh fada agus is gá, chun aon iarracht chun bac a chur ar thuairisciú a chosc agus chun aghaidh a thabhairt air nó chun bac a chur ar ghníomh leantach, bac a chur air nó moill a chur air, nó iarrachtaí chun céannacht daoine tuairiscithe a fháil amach. Beidh feidhm acu freisin a mhéid is gá agus is comhréireach chun críocha cuspóirí tábhachtacha a bhaineann le leas an phobail i gcoitinne a chosaint agus chun an t-ábhar sonraí nó cearta agus saoirsí daoine eile a chosaint.

Cuirfidh an Oifig an t-ábhar sonraí ar an eolas i gcás go bhfuil srian á chur i bhfeidhm, mura rud é go nochtfaí faisnéis a d'fhéadfadh an duine tuairiscithe a shainiú, a dhéanfaidh dochar do ghníomh leantach éifeachtach na héagóiritheoireachta iomchuí, nó a dhéanfaidh dochar do bhaint amach aon chuspóirí tábhachtacha ar mhaithe le leas an phobail i gcoitinne.

Féadfar ábhar sonraí, ar chuir an Oifig ar an eolas é nó í faoi shrianadh, gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí nó leigheas breithiúnach a lorg maidir leis an srianadh sin. Is féidir sonraí teagmhála an Choimisiúin um Chosaint Sonraí a rochtain ar a shuíomh Gréasáin: <https://www.dataprotection.ie>.

Cinnteoídh an Oifig nach stórálfar sonraí iomchuí a bhfuil an Oifig ina rialaitheoir ina leith ar feadh tréimhse is faide ná mar is gá chun cuspóirí tábhachtacha leas an phobail i gcoitinne a chomhlíonadh.

Coimeád taifead

Coinneoidh an Oifig taifead de gach tuairisc noхта a dhéanfar di nó a tharchuirtear chuici, lena n-áirítear tuairiscí gan ainm.

Úsáideann an Oifig córas teachtaireachtaí gutha le haghaidh glaonna gan freagra. I gcás go bhfágann duine tuairiscithe teachtaireacht ghlórphoist ina dtuairiscítear a ábhair imní nó a hábhair imní, coimeádfar taifeadadh den tuairisc i bhfoirm mharthanach agus in-aisghafa; nó déanfar tras-scríbhinn iomlán chruinn den chomhrá a ullmhú le toiliú an duine tuairiscithe, a dtabharfar deis dó nó di tras-scríbhinn an chomhrá a sheiceáil, a cheartú agus a chomhaontú trí shíniú.

I gcás go n-iarrann an duine tuairiscithe cruinniú go pearsanta le ball foirne, féadfar taifead den chruinniú a dhéanamh le toiliú an duine tuairiscithe. Seachas sin, glacfar miontuairiscí cruinne agus, i gcás gur nocht an duine tuairiscithe a chéannacht nó a céannacht, tabharfar an deis dó nó di miontuairiscí an chruinnithe a sheiceáil, a cheartú agus a chomhaontú.

I gcás go bhfaightear nochtadh gan ainm, déanfaidh an Rúnaí Príobháideach cibé faisnéis a mheasann sé nó sí a bheith riachtanach agus cuí chun críocha an Achta um Nochtadh Cosanta a thaifeadadh. Mar shampla, d'fhéadfadh go n-áireofaí leis sin mionsonraí na héagóiritheoireachta líomhnaithe agus céannacht na ndaoine eile dá dtagraítear sa nochtadh.

Ní choinneofar taifid ar feadh tréimhse is faide ná mar atá riachtanach agus comhréireach chun forálacha an Achta um Nochtadh Cosanta nó aon reachtaíocht eile a chomhlíonadh.

Tugtar faoi deara i mbeartas bainistíochta taifead na hOifige go gcoinneofar nochtáí cosanta agus nochtáí eile faoi shaincheisteanna imní nó faoi éagóiritheoireacht líomhnaithe maidir le riaradh airgid phoiblí ar feadh 30 bliain ón dáta a fhaigheann an Oifig an fhaisnéis.

Nochtadh cosanta a tharraingt siar

A luaithe a dhéantar nochtadh cosanta de réir an Achta um Nochtadh Cosanta, ní fhéadfaidh duine tuairiscithe an nochtadh a tharraingt siar. Ceanglaítear ar dhaoine tuairiscithe comhoibriú leis an Oifig a mhéid is gá go réasúnach agus go dleathach chun críocha an Achta. I gcás go dtarraingítear siar comhoibriú nó go ndéanann an duine tuairiscithe iarracht nochtadh cosanta a tharraingt siar, ceanglaítear ar an Oifig fós forálacha an Achta um Nochtadh Cosanta a chomhlíonadh, a mhéid is mó is féidir.

Comhairle dlí agus seirbhísí tacaíochta

Ní fhéadfaidh an Oifig aon chomhairle dlí a thairiscint. Más rud é go bhfuil tú ag smaoineamh ar nochtadh a dhéanamh, agus go bhfuil imní ort faoin dlí maidir leis sin, molaimid duit comhairle dlí neamhspleách a lorg sula ndéanann tú amhlaidh.

Tá comhairle agus tacaíocht d'aon duine atá ag smaoineamh ar nochtadh cosanta a dhéanamh ar fáil ón líne chabhrach saor in aisce um labhairt suas faoi rún de chuid Transparency International Ireland ag 1800 844 866. Tá tuilleadh faisnéise faoi na hacmhainní atá ar fáil le fáil ar a suíomh Gréasáin ag an nasc seo a leanas: <https://transparency.ie>.

D'fhéadfadh go mbeadh daoine a thagann chuig an líne chabhrach um labhairt suas in ann leas a bhaint as ionad comhairle dlí Transparency International Ireland, a sholáthraíonn comhairle dlí saor in aisce d'aon duine ar mian leis nó léi éagóiritheoireacht a nochtadh mar a fhoráiltear faoi dhlí na hÉireann.

D'fhéadfadh go mbeadh comhairle agus tacaíocht ar fáil freisin ó cheardchumann oibrithe agus tríd an mBord um Faisnéis do Shaoránaigh.

Reachtaíocht shonrach

In imthosca áirithe faoi phíosaí reachtaíochta aonair, féadfar aird na hOifige a tharraingt ar nochtadh. Ba cheart do dhaoine atá ag iarraidh nochtadh a dhéanamh don ARC&C sna himthosca sin a chinntiú go bhfuil siad ag comhlíonadh na gceanglas go léir atá leagtha amach sa reachtaíocht. Mar shampla, d'fhéadfadh go mbeadh sé riachtanach nósanna imeachta inmheánacha a ídiú sula dtarchuirfear an ní chuig an ARC&C.

Saoráil Faisnéise

Níl feidhm ag an Acht um Shaoráil Faisnéise (SF) maidir le taifead a bhaineann le tuairisc a

rinneadh faoin Acht um Nochtadh Cosanta, cibé acu a rinneadh an tuarascáil roimh dháta rite an Achta um Nochtadh Cosanta (Leasú), 2022, nó ina dhiaidh.

Tá taifid a bhaineann leis an riarachán ginearálta a dhéanann comhlacht poiblí ar a fheidhmeanna faoin Acht um Nochtadh Cosanta faoi réir saoráil faisnéise, áfach.

Cosaintí agus leigheasanna

Leis an Acht um Nochtadh Cosanta, soláthraítear cosaintí agus leigheasanna áirithe, i gcás gurb infheidhme, do dhaoine tuairiscithe. Áirítear leo sin cosaint ar phionósú lena n-áirítear dífhostú, cóir éagórach, comhéigean agus ciapadh chomh maith le díolúine ó dhliteanas sibhialta agus coiriúil as faisnéis rúnda a bheith nochta agus cosaint chéannacht an duine tuairiscithe, le heisceachtaí áirithe.

Mínítear pionósú sa reachtaíocht mar *'aon ghníomh nó neamhghníomh a tharlaíonn i gcomhthéacs a bhaineann leis an obair, a spreagtar ag tuairisc do dhéanamh agus a dhéanann díobháil éagórach nó a d'fhéadfadh díobháil éagórach a dhéanamh don oibrí'*. Áirítear leis, mar shampla, dífhostú, cóir éagórach nó bagairt díoltais, deis ar ardú céime a chailleadh nó athbhreithniú feidhmíochta diúltach. Cuirtear ar fáil in Aguisín A liosta neamh-uileghabhálach de shamplaí ón Acht um Nochtadh Cosanta den rud is féidir a bheith ina phionósú.

Ba cheart do dhuine tuairiscithe nósanna imeachta um nochtadh cosanta a fhostóra nó a fostóra a úsáid chun faisnéis a fháil faoi conas ba cheart aon ghearán faoi phionósú a dhéanamh agus cé leis nó léi ar cheart é a dhéanamh.

Déantar foráil san Acht um Nochtadh Cosanta maidir le leigheasanna seachtracha sonracha d'oibrithe a chreideann go ndearnadh iad a phionósú as nochtadh cosanta a dhéanamh. Ina measc sin tá

- éileamh ar leigheas chuig an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre faoi na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1997 - 2015: i gcás go ndéantar oibrí a dhífhostú óna fhostaíocht nó óna fostaíocht mar thoradh ar nochtadh cosanta a dhéanamh.
- *éileamh ar phionós os comhair an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre*: Ní mór an t-éileamh a thabhairt laistigh de shé mhí ón bpionósú. Measfar an pionósú líomhnaithe a bheith mar thoradh ar nochtadh cosanta a bheith déanta ag an duine tuairiscithe, mura gcruthaíonn an fostóir go raibh bonn cirt leis an ngníomh nó leis an neamhghníomh ar fhorais eile. Mar sin luíonn an dualgas cruthúnais ar an bhfostóir.
- *éileamh ar fhaoiseamh urghaire sa Chúirt Chuarda*: Ní mór an t-éileamh a thabhairt laistigh de 21 lá ón tráth deireanach de phionósú.

Déantar foráil le hAlt 14 den Acht um Nochtadh Cosanta nach bhféadfar caingean dlí shibhialta a thionscnamh, seachas caingean maidir le clúmhillleadh, in aghaidh oibrí as nochtadh cosanta a dhéanamh. Féadfar oibríthe a agairt mar gheall ar chlúmhillleadh ach tá siad i dteideal cosanta ar “phribhléid cháilithe”. Fágann sé sin gur cheart go mbeadh sé an-deacair go n-éireodh le cás clúmhillte in aghaidh oibrí más féidir leis an oibrí a thaispeáint go ndearna sé nochtadh cosanta de réir an Achta um Nochtadh Cosanta agus nár ghníomhaigh sé nó sí go mailíseach. Níl aon bhunús eile faoina bhféadfar oibrí a agairt má tá nochtadh cosanta déanta aige nó aici de réir an Achta um Nochtadh Cosanta – e.g., as sárú rúndachta.

Mar sin féin, má dhéantar tuairisc nochtadh in éagmais creideamh réasúnach go bhféadfar éagóiritheoireacht iomchuí a léiriú san fhaisnéis a nochtadh, ní bheidh cosaint faoin Acht aici agus d'fhéadfadh beart araíonachta in aghaidh an duine tuairiscithe a bheith mar thoradh uirthi. Ina theannta sin, ní gá go dtabharfadh nochtadh éagóiritheoireachta aon chosaint nó díolúine d'oibrí maidir le haon bhaint a d'fhéadfadh a bheith aige nó aici leis an éagóiritheoireacht sin.

Leis an Acht um Nochtadh Cosanta, forchuirtear oibleagáid ar fhaighteoirí tuairiscí céannacht an duine tuairiscithe a chosaint. Tá tuilleadh mionsonraí faoin gcosaint sin le fáil ar leathanach 9.

Ní cion coiriúil é nochtadh cosanta faoin reachtaíocht um nochtadh cosanta. Foráiltear leis an Acht um Nochtadh Cosanta gurb amhlaidh, in ionchúiseamh duine i gcion ina dtoirmisctear nó a ina srianantar nochtadh faisnéise, is cosaint é a thaispeáint, tráth an chiona líomhnaithe, go raibh an nochtadh ina nochtadh cosanta, nó gur chreid an duine le réasún go raibh an nochtadh ina nochtadh cosanta.

Leagtar amach san Acht um Nochtadh Cosanta raon cionta coiriúla i leith sáruithe ar na cosaintí a sholáthraítear leis an Acht. Mar shampla, is cion coiriúil é

- bac a chur ar oibrí nó iarracht a dhéanamh bac a chur air tuairisc a dhéanamh
- duine tuairiscithe agus tríú páirtithe comhlachaithe a phionósú nó pionósú a bhagairt orthu
- imeachtaí cráiteacha a thionscnamh in aghaidh aon duine nó aon tríú páirtí chomhlachaithe
- sárú ar an dualgas rúndachta maidir le céannacht na ndaoine tuairiscithe
- tuairisc a dhéanamh ina mbeidh aon fhaisnéis is eol don duine tuairiscithe a bheith bréagach.

Measúnú a dhéanamh ar cé acu is nochtadh cosanta é nochtadh nó nach ea

Níl aon ról ag an Oifig maidir le measúnú a dhéanamh ar cad is nochtadh cosanta ann nó nach ea, mar atá mínithe sa reachtaíocht. Is ábhar dlí é seo a bheidh le cinneadh, i gcás díospóide, ag an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre nó ag na cúirteanna. Soláthróidh an Oifig cibé faisnéis a bheidh ag teastáil ón gCoimisiún nó ón gcúirt chun críocha cinneadh a dhéanamh in imeachtaí ar bith ó dhuine tuairiscithe i dtaobh an bhfuil nó nach bhfuil sé nó sí i dteideal na gcosaintí a chuirtear ar fáil faoin Acht um Nochtadh Cosanta.

Tuarascáil bhliantúil

Soláthróidh an Oifig, de réir alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, tuarascáil bhliantúil don Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin faoin 1 Márta gach bliain. Soláthróidh sí faisnéis maidir leis an mbliain féilire roimhe sin, lena n-áirítear líon na dtuairiscí nochta a fuarthas sa bhliain, líon na dtuairiscí arna dtarchur chuig an gCoimisinéir um Nochtadh Cosanta nó chuig comhlacht forordaithe eile, etc. Foilseofar an fhaisnéis sin freisin ar shuíomh Gréasáin na hOifige faoin 31 Márta gach bliain. Cuirfear an fhaisnéis ar fáil ar bhealach a gcosnóidh céannacht na bpáirtithe uile atá i gceist.

Meastóireacht agus athbhreithniú

Déanfaidh an Oifig athbhreithniú rialta ar a nósanna imeachta maidir le bealaí seachtracha tuairiscithe agus ar a laghad uair amháin gach trí bliana.

Iompar maidir le nochtaí

Déileálfar go gairmiúil agus go cúirtéiseach le nochtaí a dhéantar don Oifig. Mar an gcéanna, táthar ag súil go n-iompróidh na daoine a dhéanann nochtaí iad féin go réasúnach agus go cúirtéiseach. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Oifig chun iompar míréasúnach a láimhseáil (féach Aguisín B).

Aguisín A

Príomh-mhínithe ón Acht um Nochtadh Cosanta

Oibrí

Chun críche an Achta um Nochtadh Cosanta, ciallaíonn oibrí duine a bhfuil faisnéis faighte aige faoi éagóiritheoireacht iomchuí i gcomhthéacs a bhaineann leis an obair. Folaíonn oibrí pearsa aonair

- a. ar fostaí é nó í
- b. a rinne aon chonradh eile, nó a oibríonn nó a d'oibrigh faoi aon chonradh eile, cibé acu sainráite nó intuigthe agus (i gcás é a bheith sainráite) cibé acu ó bhéal nó i scríbhinn, trínar gheall an phearsa aonair (cibé acu go pearsanta nó ar shlí eile) aon obair nó seirbhísí a dhéanamh nó a chomhlíonadh do pháirtí eile sa chonradh chun críocha ghnó an pháirtí sin,
- c. a oibríonn nó a d'oibrigh do dhuine in imthosca
 - i. ina ndéanann tríú duine an phearsa aonair a thabhairt isteach nó a chur ar fáil chun an obair a dhéanamh, agus
 - ii. inarb é nó í an duine dá n-oibríonn nó dár oibrigh an phearsa aonair, an tríú duine nó an bheirt acu, agus ní an phearsa aonair, a dhéanann nó a rinne, i gcleachtas, na téarmaí, ar a bhfuil an phearsa aonair ar fostú chun an obair a dhéanamh, a chinneadh go substaintiúil,
- d. dá soláthraítear nó dár soláthraíodh taithí oibre de bhun cúrsa nó clár oiliúna nó oiliúint le haghaidh fostaíochta (nó iad araon) ar shlí seachas faoi chonradh fostaíochta,
- e. atá nó a bhí ina scairshealbhóir de chuid gnóthais,
- f. atá nó a bhí ina chomhalta nó ina comhalta de chomhlacht riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta gnóthais, lena n-áirítear comhaltaí neamhfheidhmiúcháin,
- g. atá nó a bhí ina oibrí deonach nó ina hoibrí deonach,
- h. a fhaigheann faisnéis faoi éagóiritheacht iomchuí le linn próiseas earcaíochta, agus
- i. a fhaigheann faisnéis faoi éagóiritheoireacht iomchuí le linn caibidlíochtaí réamhchonarthacha (seachas próiseas earcaíochta dá dtagraítear in (h) thuas).

Meastar freisin gur oibrithe faoin Acht iad Státseirbhísigh, comhaltaí den Gharda Síochána, comhaltaí de na Buan-Óglaigh agus comhaltaí de na hÓglaigh Cúltaca.

Éagóiritheoireacht iomchuí

Is éagóiritheoireachtaí iomchuí iad na nithe seo a leanas chun críocha an Achta um Nochtadh Cosanta

- a. go ndearnadh cion, go bhfuil cion á dhéanamh nó gur dócha go ndéanfar cion,
- b. gur mhainnigh duine nó go bhfuil, nó gur dócha go mbeidh, sé nó sí ag mainneachtain, déanamh de réir aon oibleagáid dhlíthiúil, seachas oibleagáid dhlíthiúil a eascraíonn faoi chonradh fostaíochta an oibrí nó faoi chonradh eile trína ngeallann an t-oibrí aon obair nó seirbhísí a dhéanamh nó a chomhlíonadh go pearsanta,
- c. gur tharla iomrall ceartais nó go bhfuil, nó gur dócha go mbeidh, iomrall ceartais ag tarlú,
- d. gur cuireadh sláinte nó sábháilteacht aon phearsan aonair i mbaol nó go bhfuil, nó gur dócha go mbeidh, sláinte nó sábháilteacht aon phearsan aonair á cur i mbaol,
- e. go ndearnadh damáiste don chomhshaol nó go bhfuil, nó gur dócha go mbeidh, damáiste á dhéanamh don chomhshaol,
- f. gur baineadh úsáid neamhdhleathach nó úsáid mhíchuí eile as cistí nó acmhainní comhlachta poiblí, nó as airgead poiblí eile nó go bhfuil, nó gur dócha go mbeidh, úsáid neamhdhleathach nó úsáid mhíchuí eile á baint as an gcéanna,
- g. go bhfuil gníomh nó neamhghníomh a dhéanann comhlacht poiblí nó a dhéantar thar a cheann leatromach, idirdhealaitheach nó mórfhaillíoch nó gur mór-mhíbhainistíocht atá ann,
- h. go ndearnadh sárú ar dhlí sonraithe de chuid an Aontais a leagtar amach sa Treoir, nó go bhfuil sárú, nó gur dócha go ndéanfar sárú ar an gcéanna, nó
- i. go ndearnadh faisnéis, a bhféadfar aon ní a thagann faoi réim aon cheann de na míreanna sin roimhe seo a léiriú inti, a cheilt nó a scriosadh nó go bhfuil, nó gur dócha go mbeidh, faisnéis den sórt sin á ceilt nó á scriosadh.

Duine tuairiscithe

'Ciallaíonn 'duine tuairiscithe' oibrí a dhéanann tuarascáil de réir an Achta um Nochtadh Cosanta.

Duine lena mbaineann

Ciallaíonn 'duine lena mbaineann' duine nádúrtha nó dlítheanach dá dtagraítear i dtuarascáil mar dhuine a gcuirtear éagóiritheoireacht iomchuí ina leith nó a bhfuil baint ag an duine sin léi.

Tuairim Réasúnach

Ní mór go mbeadh do thuairim bunaithe ar fhorais réasúnacha ach ní riachtanas é, go mbeadh an ceart agat ar deireadh thiar thall. Níltear ag súil go ndéanfaidh tú fírinneacht na líomhna a chruthú. Nuair a chomhlíontar riachtanais an Achta, tá tú fós i dteideal chosaintí an Achta fiú má tharlaíonn sé go raibh an t-eolas a ndearna tú tuairisciú air gan bhunús. Níl aon bhaint ag an gcúis a ndearna tú tuairisciú le cé acu an nochtadh cosanta é nó nach ea. Ní nochtadh cosanta é tuairisc a dhéantar gan tuairim réasúnach agus d'fhéadfadh d'fhostóir gníomh smachtaithe a ghlacadh i do choinne. Is cion coiriúil é má dhéanann tú tuairisc ina bhfuil aon fhaisnéis is eol duit a bheith bréagach. D'fhéadfadh aon duine a ndéantar damáiste dóibh mar thoradh ar thuairisc a rinne tú agus gur eol duit é a bheith bréagach, caingean dlí a thabhairt i do choinne.

Nochtadh faisnéise

I dtuairim réasúnach an oibrí, is faisnéis é nochtadh faisnéise a léiríonn éagóir amháin nó níos mó de ghnáth agus a tháinig chun solais don oibrí i gcomhthéacs oibre. Ba cheart go nochtaí fíricí faoi dhuine nó rud éigin san fhaisnéis a thuairiscíonn tú, seachas líomhain ghinearálta nach bhfuil aon bhunús fíriciúil léi. Ní ceart duit líomhaintí éagóra a fhiosrú ná breis fianaise ná eolais a bhailiú - inis dúinn faoi na fíricí atá ar eolas agat amháin.

Pionósú

Ciallaíonn pionós aon ghníomh nó neamhghníomh díreach nó indíreach a tharlaíonn i gcomhthéacs a bhaineann leis an obair, a spreagtar trí thuairisc a dhéanamh agus a dhéanann díobháil éagórach nó a d'fhéadfadh díobháil éagórach a dhéanamh don oibrí agus, go háirithe, folaíonn sé

- a. fionraí, asleagan nó dífhostú,
- b. íslíú céime nó deis ar ardú céime a chailleadh nó ardú céime a choinneáil siar,
- c. aistriú dualgas, athrú ar shuíomh áite oibre, laghdú ar phá nó athrú ar uaireanta oibre,
- d. aon araíonacht, iomardú nó pionós eile (lena n-áirítear pionós airgeadais) a fhorchur nó a chur i bhfeidhm,
- e. comhéigean, imeaglú, ciapadh nó dúdhiúltú,
- f. idirdhealú, míbhuntáiste nó cóir éagórach,
- g. díobháil, damáiste nó caillteanas,
- h. bagairt díoltais,

- i. oiliúint a choimeád siar,
- j. measúnú diúltach maidir le feidhmíocht nó teistiméireacht dhiúltach fostaíochta,
- k. mainneachtain conradh fostaíochta sealadach a aistriú ina cheann buan, i gcás go raibh ionchais dhlísteanacha ag an oibrí go dtairgfí fostaíocht bhuan dó nó di;
- l. mainneachtain conradh fostaíochta sealadach a athnuachan nó é a fhoirceannadh go luath,
- m. dochar, lena n-áirítear dochar do chlú an oibrí, go háirithe ar na meáin shóisialta, nó caillteanas airgeadais, lena n-áirítear caillteanas gnó agus caillteanas ioncaim,
- n. dúliostáil ar bhonn comhaontú neamhfhoirmiúil nó foirmiúil ar fud na hearnála nó an tionscail, a d'fhéadfadh a fhágáil nach bhfaigheadh an duine fostaíocht san earnáil nó sa tionscal amach anseo,
- o. foirceannadh luath nó cealú conartha le haghaidh earraí nó seirbhísí,
- p. ceadúnas nó cead a chealú, agus
- q. atreoruithe síciatracha nó leighis.

Comhthéacs a bhaineann leis an obair

Ciallaíonn ‘comhthéacs a bhaineann leis an obair’ gníomhaíochtaí oibre reatha nó san am atá caite san earnáil phoiblí nó san earnáil phríobháideach, beag beann ar chineál na ngníomhaíochtaí sin, trína bhfaigheann daoine faisnéis faoi sháruithe agus ina bhféadfadh na daoine sin a bheith thíos le pionósú dá ndéanfaidís faisnéis den sórt sin a thuairisciú.

Aguisín B

Beartas iompraíochta míréasúnaí

Bítear ag súil go n-éistfidh foireann na hOifige le daoine a dhéanann nochtadh agus go gcaitear leo go cothrom agus le meas agus go bhfanfaidh siad gairmiúil agus cúirtéiseach i gcónaí.

Mar an gcéanna, bíonn an Oifig ag súil go n-iompróidh daoine a dhéanann nochtadh iad féin ar bhealach réasúnach. Ní ghlacfar le hiompraíocht atá maslach, gránna nó bagrach nó le hiompraíocht a ghlacann suas— de bharr mhinicíocht na teagmhála — méid díréireach ama agus acmhainní.

Rangaítear na cineálacha iompraíochta seo a leanas mar iompraíocht mhíréasúnach

- **Dianseasmhacht mhíréasúnach:** Dianseasmhacht maidir le saincheist atá scrúdaithe agus dúnta cheana féin ag an Oifig nó ag an ARC&C, e.g., á éileamh go ndéanfaí athscrúdú ar shaincheist, ag athfhrámú na saincheiste chun í a chur i láthair mar shaincheist nua, nó ag leanúint leis an argóint ar tugadh aghaidh uirthi roimhe seo. D'fhéadfaí a mheas freisin gur dianseasmhacht mhíréasúnach é comhfhreagras iolrach a chur isteach nó an líomhain chéanna a athrá i gcónaí sula ndéanfar cinneadh ar an nochtadh bunaidh.
- **Éilimh mhíréasúnacha:** Ag éileamh toradh neamhréadúil. Mar shampla, éilimh arís agus arís eile ar ní atá lasmuigh de shainchúram na hOifige a scrúdú, ábhar toirtiúil a chur i láthair agus duine ag súil le freagra meandrach, beagnach, nó ag iarraidh treoir a thabhairt don Oifig scrúdú a dhéanamh nó an bealach ar cheart an scrúdú a dhéanamh.
- **Iompar míréasúnach:** Áirítear le hiompar míréasúnach taifeadtaí a dhéanamh de chruinnithe/chomhráite gan chomhaontú, bagairtí foréigin nó mí-úsáid fhoireann na hOifige, ráitis dhímheasúla nó shearbhasacha, iompar drochbhéasach nó ionsaitheach agus dul i mbun argóintí nó achrann leis an bhfoireann nach bhfuil gá leo agus a chuireann am amú.

Iompraíocht mhíréasúnach a bhainistiú

Nuair a mheasann an Oifig go bhfuil iompraíocht duine míréasúnach, cuirfear é sin in iúl don duine agus iarrfar air nó uirthi a iompraíocht nó a hiompraíocht a oiriúnú. Má leanann an iompraíocht mhíréasúnach ar aghaidh, déanfaidh an Oifig gníomh chun teagmháil an duine leis an Oifig a shrianadh. Déanfar an cinneadh ag leibhéal an leas-stiúrthóra nó os a chionn tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar na himthosca agus d'fhéadfadh go n-áireofaí leis sin

- teagmháil a iarraidh i riocht ar leith, e.g. i riocht scríofa amháin
- a éileamh nach ndéanfaí teagmháil ach amháin le hoifigeach ainmnithe
- srian a chur le glaonna teileafóin ar laethanta sonraithe agus ag amanna sonraithe
- rochtain ar áitreabh na hOifige a shrianadh, agus
- sa deireadh más gá, deireadh a chur leis an teagmháil ar fad leis an duine (an Rúnaí agus an Stiúrthóir Iniúchóireachta a dhéanfaidh an cinneadh sin).

I gcás go gcuireann an iompraíocht sábháilteacht agus leas fhoireann na hOifige i mbaoil láithreach, d'fhéadfadh go mbeadh sé riachtanach an ní a thuairisciú don Gharda Síochána.

Iompraíocht mhírreasúnach ag ball foirne d'Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

I gcás go bhfuil ábhair imní ort nó go bhfuil tú míshásta leis an mbealach ar dhéileáil foireann na hOifige leat, is féidir leat teagmháil a dhéanamh linn ar na bealaí seo

glao a chur ar: (01) 863 8600

nó scríobh chuig: An Ceann Seirbhísí Corparáideacha
Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste
3A Sráid an Mhéara Uachtarach
Baile Átha Cliath 1
D01 PF72

nó ríomhphost a sheoladh chuig: Headofcorporateservices@audit.gov.ie

Cuirfidh an Oifig in iúl duit go bhfuarthas do chomhfhreagras laistigh de sheacht lá féilire.

Scrúdófar na hábhair imní a ardaíodh i gcoinne ghealltanais seirbhíse na hOifige agus féachfaimid le freagra a thabhairt ar an ní substainteach a luaithe is indéanta. Tá sé mar aidhm freagra a thabhairt laistigh de 30 lá ach i gcásanna áirithe b'fhéidir go dtógfadh sé níos mó ama fós.